

Gaelscoil Thaobh na Coille

An Rud is Annamh is Iontach

08/03/2018



Sneachta 2018

Míle míle buíochas lenár n-airíoch Colm agus leis na tuismitheoirí ar fad a tháinig amach le sluasaí ar an Domhnach seo thart leis na cosáin agus na bóithre thíos ag an scoil a ghlanadh. Rinne siad an-obair go deo. Bhí sé iontach an oiread sin tuismitheoirí a fheiceáil ag déanamh ar an scoil agus tá buíochas ar leith ag dul dóibh as a gcúnamh. Is léir go bhfuil an dea-spiorad pobail a bhí riamh i measc tuistí na scoile fós linn inniu. Nár laga Dia sibh go léir.

Mile mile buíochas to our caretaker Colm and all the parents who turned up on Sunday with their shovels to clear the footpaths and roads down at the school. It was great to see so many parents turn up to lend a hand. They did a great job they deserve a huge thank you for their assistance. It's wonderful to see that the sense of community and goodwill that has been part and parcel of Gaelscoil Thaobh na Coille since the beginning is alive and well and very much in evidence today. Fair play to you all.

Is mise, le mó mheas

Luar Siú Chomhlaodha



Díolachán Cístí

Nach iontach an bheirt iad Tess agus Séamus Mac Eochaíd (R5A & R6B) a chaith maidin Domhnaigh ag bacáil cístí agus ansin á ndíol ar son Barnardos lasmuigh de Costa in Ath an Ghainimh.



What a great pair Tess & Séamus Mac Eochaíd (R5A & R6B) are. They spent the best part of Sunday morning baking cakes and the afternoon selling them in aid of Barnardos from their cake stall outside Costa in Sandyford. Maith sibh a pháistí.



Cóineartú



Guímíod gach rath ar dhaltaí R6 A & R6B a bheidh ag glacadh sacraimint an chóineartaithe ar an Aoine seo chugainn an 16 Mártas.

We wish the pupils from R6A & R6B all the best on their confirmation day next Friday 16 March.

Gaelscoil Thaobh na Coille

Leathanach 2

Polasaí um Chosaint Leanaí Child Protection Policy

Fógra maidir le hAthbhreithniú agus Uasdátú ar Pholasaí um Chosaint Leanaí na Scoile.

Is mian le Bord Bainistíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille a chur in iúl daoibh:

Gur cuireadh i gcrích athbhreithniú iomlán de Pholasaí um Chosaint Leanaí na scoile agus gur déanadh uasdátú air de réir riachtanas an Acharta Tús Áite do Leanaí 2015, Tús Aite do Leanaí agus Treoirlínte Naisiúnta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'larbhunscoileanna 2017

Go bhfuil glactha ag Bord Bainistíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille le Nósanna Imeachta na Roinne maidir le Cosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'larbhunscoileanna 2017 agus cuirfidh siad i bhfeidhm iad ina n-ionláine, gan leasú.

An Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) is ea:

Emer Nic Chonchrada

An Duine Idirchaidrimh Ainmnithe Tánaisteach (DIAT) is ea:

Tomás Mac Uileagóid

Aithníonn Bord Bainistíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille go bhfuil cursaí chosaint agus leasa leanaí lárnach i ngach gné de shaol na scoile agus gur gá go bhfeicfear é seo i bpolasaithe uile na scoile, i nósanna imeachta na scoile, i gcleachtas na scoile agus in imeachtaí na scoile.

Faomhadh an Polasaí Athbhreithnithe um Chosaint Leanaí seo ag cruinníú an Bhoird ar 05/03/2018

Tá Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile maraon le Polasaí um Chosaint Leanaí na scoile le feiceáil ina ionmláine i rannóg na bpolasaithe scoile den suíomh ghréasáin scoile www.taobhnacoille.ie

Sínithe:
Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

Notification of the Board of Management's review and update of the School's Child Protection Policy.

The Board of Management of Gaelscoil Thaobh na Coille wishes to inform you that:

A complete review of the school's Child Protection Policy has been undertaken and updated in accordance with the requirements of the Children First Act 2015 and the Child Protection Procedures for Primary and Post Primary Schools 2017.

The Board of Management of Gaelscoil Thaobh na Coille has adopted and will implement fully and without modification the Department's Child Protection Procedures for Primary and Post Primary Schools 2017 as part of this overall Child Safeguarding Statement.

The Designated Liaison Person (DLP) is:

Emer Nic Chonchrada

The Deputy Designated Liaison Person (Deputy DLP) is:

Tomás Mac Uileagóid

The Board of Management of Gaelscoil Thaobh na Coille recognises that child protection and welfare considerations permeate all aspects of school life and must be reflected in all of the school's policies, procedures, practices and activities

The reviewed Policy was ratified at the Board meeting which took place on 05/03/18

The school's Child Safeguarding Statement and Child Safety Policy can be viewed in the school policies section of the schools' website www.taobhnacoille.ie

Sínithe: Emer Nic Chonchrada
Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bainistíochta



Lá Inseirbhise Cosaint Leanaí Staff 'Children First' Training Day

Beidh foireann na scoile ag tabhairt faoi Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) ar Tús Áite do Leanaí 2017 agus na Nósanna Imeachta Cosaint Leanaí do Bhunscoileanna & larbhunscoileanna 2017 ar an Aoine an 20 Aibreán 2018

Beidh an scoil dúnta do na páistí dá bhrí sin ar an Aoine 20/04/2018.

Níl an dáta seo luaite ar an bhféilire scoile.

The school staff will engage in Continuing Professional Development (CPD) on 'Children First 2017' and the updated 'Child Protection Procedures for Primary and Post-Primary Schools 2017' on the Friday 20 April 2018

The school will therefore be closed for the pupils on Friday 20/04/2018.

This school closure is not marked on the calendar.

Córfhéile na mBunscoileanna - Banna Ceoil Scoile



Tá cultúr ceoil breá láidir i nGaelscoil Thaobh na Coille le scaitheamh maith de bhlianta anuas agus ní haon eisceacht é grúpa ceoil na bliana seo. Ar an gCéadaoin, 7ú Mártá, sheinn 68 ceoltóir, idir bhuaachaillí agus chailíní ó R4 go R6, ar státse san Ionad Náisiúnta Cispheile i dTamlacht don

fhéile ceoil do bhunscoileanna, Córfhéile. Sheinn an grúpa ceoil ceithre fhonn traidisiúnta i bhfoirm chóirithe le réimse leathan uirlísí, sin iad: an fheadóg stáin, an fheadóg mhór, na píobaí uilleann, an fhidil, an chruit, an bosca ceoil agus an consairtín. Sheinneadar le binneas, aibíocht agus le spiorad agus táimid an-bhródúil go deo as an diogras agus an dua atá le feiceáil go smior sna ceoltóirí óga seo. Mo cheol iad uilig!

Since the very beginning traditional music has been an integral part of the culture of Gaelscoil Thaobh na Coille and the school's Banna Ceoil has gone from strength to strength since then. This year's Banna ceoil is no exception. On Wednesday the 7th of March 68 musicians, girls and boys from R4 to R6 took to the stage in the National Basketball Arena in Tallaght for Córfhéile, a music festival for primary school children. The banna ceoil played 4 traditional tunes arranged for a wide range of instruments, that included: tin whistles, flutes, uilleann pipes, fiddles, a harp, button accordions and concertinas. The children played beautifully, with passion and spirit and we are extremely proud of the diligence and hard work the children put into their music. Well done to all. Míle buíochas to all the múinteoirí who work with the banna ceoil on an ongoing basis and a special go raibh maith agat to An Múinteoir Oisín Mac Muiris who arranged the pieces for this Córfhéile performance.

Ceiliúradh Bliain na Gaeilge 2018 - Céilí Mór

Céilí Teaghlaigh : Family Céilí

Rince, Ceol & Craic

Dé hAoine 9ú Mártá : Friday 9th March

i Halla na Scoile

6pm – 8pm

Costas €5 an teaghlaich : €5 per family

Bígí Ann!!

Caithfidh duine fásta a bheith in éineacht leis na leanaí

Children must be accompanied by an adult



Cúrsaí Spóirt Sports News

Is cúis bhród don scoile gur roghnaíodh beirt cailín - Zoe Nic Riobaird (R6B) & Ingrid Ní Bhroin (R6A) - le n-imirt ar son foireann peile Cumann na mBunscol BÁC i gcoinne Corcaigh i bPáirc an Chrócaigh ar 10 Feabhra. D'imir siad ag leath ama i gcluiche Peil Sinsear na mBan idir na contaetha céanna.

It is a source of pride for the school that two girls - Zoe Nic Riobaird (R6B) & Ingrid Ní Bhroin (R6A) – were chosen to represent the Dublin Cumann na mBunscol football team to play their Cork counterparts in Croke Park on February 10th. They played during the half time interval of the Senior Ladies Football match involving the before-mentioned counties.

An Féile Scoildrámaíochta

Tá ardmholadh tuillte ag páistí R3B as an dráma ‘Le Solas Mo Chroí’ a léiriú ag Féile Scoildramaíochta Bhaile Átha Cliath inné. Thosaigh an múinteoir Rónán Mac Niallais agus na páistí ag obair ar an dráma nuair a d’fhill siad ar an scoil tar éis saoire na Nollag agus tá obair na gcapall déanta acu ó shin i leith. Bhí scoth na haisteoireachta, na hurlabhraíochta agus na Gaeilge ar taispeáint le linn an léiriú ar fad. Is scéal é faoin draíocht a bhaineann leis an bhfoghlaim agus an chaoi gur féidir le duine ionspráideach corr a chur sa bhóthar agus muid ag fás aníos. B’fhéidir go dtóigfaidh cúpla duine ionspráid ón dráma seo agus go bhfeicfidh muid iad ag na Oscars am éigin amach anseo! Buíochas le Manus Ó Duibhir as Gaoth Dobhair as an script a chur ar fáil dúinn.

R3B deserve high praise for their performance of the play ‘Le solas Mo Chroí’ at the Dublin Féile Scoildrámaíochta yesterday. An Múinteoir Rónán Mac Niallais and the children began working on the play when they returned to school after Christmas and have been hard at it since then. The children’s fine acting, wonderful diction and beautiful Gaeilge was evident throughout the performance. ‘Le Solas Mo Chroí’ is a story about the magic of learning and the way in which an inspirational person can have a lasting effect on our lives. Maybe a few of the children will take inspiration from this play and go on to become actors/actresses and possibly pick an Oscar in the future! Thanks to Manus Ó Duibhir from Gaoth Dobhair for allowing us to use his wonderful script.



Aighneacht in Aghaidh Cead Pleanála Planning Permission Objection

Riverside Cottage, Bóthar Chill Ghobain dlr Planning Application Ref D18A/0074

Tá iarratas ar chead pleanála faigthe ag Comhairle Condae Dhún Laoghaire Rath an Dún le forbairt a dhéanamh ar shuíomh ‘Riverside Cottage’ atá suite idir dheireadh Bóthar Ghleanntán Beallairmín agus Bóthar Chill Gobain. Tá sé i gceist 4 bhloc tithíochta (2 go 4 stór ar airde) le 43 árasán a thógáil ar an suíomh seo agus is ag deireadh Bóthar Ghleanntán Beallairmín atá an bealach isteach agus amach as an suíomh molta. Os rud é go bhfuilimíd thar a bheith buartha cheana féin faoi chúrsaí tráchta isteach agus amach as an scoil agus an ardú suntasach atá ar tí teacht ar dheacrachtáí tráchta nuair a bhogann ETNS isteach sa scoil béal dorais ní gó a rá ach go bhfuilimíd thar a bheith corraithe faoin scéim tógála seo.

Chuir Bord Bainistíochta na scoile in aghaidh an iarratais seo ar an mbonn gur ar éigean atá na bóithre i mBeallairmín in ann deighleáil leis an méid tráchta atá orthu mar atá agus go rachaídh cursaí chun donais agus ó smacht ar fad má scaoiltear leis na pleananna seo agus go gcuirfidh sé sábháilteacht & slándáil ár ndaltaí agus coisithe eile á chur i mbaol. Is cinnte go mbeidh impleachtaí tromchúiseacha ag an bhforbairt tógála seo do gach duine a bheidh ag iarraidh dul isteach nó amach as Gaelscoil Thaobh na Coille.

Planning permission has been sought to develop the site at Riverside Cottage which lies between the end of Belarmine Vale & Kilgobbin Rd. The proposed and only access into this proposed development of 4 residential blocks (2 to 4 storeys high) containing 43 residential duplex and apartment units is via Belarmine Vale, just beyond our school entrance gate. Given our ongoing concern regarding traffic management in and out of Belarmine and the imminent escalation of traffic issues once ETNS move into their school building next door we are exceptionally worried about this proposed development.

The Board of Management has lodged a planning objection with dlr against this development on the grounds that the road infrastructure is barely adequate to facilitate the high volume of traffic already using this roadway and that it cannot accommodate further demands without putting the safety and welfare of our pupils and other pedestrians at risk. There is no doubt but that this development will seriously effect everyone trying to get in and out of Gaelscoil Thaobh na Coille.